Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**8503/1/18**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0276 (COD)**

**CODEC 669**
**ENV 268**
**IND 117**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 94/62/CE maidir le pacáistíocht agus le dramhaíl ó phacáistíocht **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 3 Nollaig 2015, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114(1) CFAE agus atá mar chuid de phacáiste an Gheilleagair Chiorclaigh, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 20 Iúil 2016[2]. D'eisigh Coiste na Réigiún a thuairim ar an 18 Eanáir 2017[3].

[1] 14976/15.
[2] IO L 264, 20.7.2016, lch. 98.
[3] IO L 17, 18.1.2017, lch. 46.

3. Ar an 17 Aibreán 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar thángthas air idir na hinstitiúidí agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 12/18 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo agus toscaireacht na hUngáire ag staonadh ón vótáil;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

---

[4] 8051/18.